

## Treoirlínte lena leasaítear Treoirlínte ÚBE/GL/2021/02

maidir le dícheall cuí custaiméirí agus na tosca ba chóir d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a chur san áireamh agus an riosca um sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a bhaineann le caidreamh gnó aonair agus idirbhearta ócáideacha ('Treoracha maidir le Tosca Riosca ML/TF') á measúnú acu faoi Airteagal 17 agus faoi Airteagal 18(4) de Threoir (AE) 2015/849

# 1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

---

## Stádas na dTreoirí seo

- Tá Treoirí sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010<sup>1</sup>. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údarás inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirí a chomhlíonadh.
- Sna treoirí sonraítear tuairim an ÚBE maidir le cleachtais mhairseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba chóir dlí an AE a chur i bhfeidhm i limistéar ar leith. Ba chóir d'údarás inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ina bhfuil feidhm ag Treoirí, comhlíonadh trí na Treoirí a ionchorprú ina gcleachtais de réir mar is iomchuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhairseachta a leasú), lena n-áirítear i gcás ina bhfuil na Treoirí dírithe go príomha ar institiúidí.

## Ceanglais tuairiscithe

- De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údarás inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil na treoirí seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó ar shlí eile cúiseanna le neamhchomhlíonadh a sholáthar faoin 28.08.2024. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údarás inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'ÚBE/GL/2023/01' a scríobh ar an bhfoirm. Ba chóir go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuarisciú. Ní mór aon athrú ar stádas an chomhlíonta a thuarisciú do ÚBE freisin.
- Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

---

<sup>1</sup> Rialachán (A.E) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

## 2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

---

### Seolaithe

5. Díritear na Treoirlínte seo ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) agus Airteagal 3(2) de Threoir (AE) 2015/849<sup>2</sup> agus ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 4(2)(iii) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

---

<sup>2</sup> Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais a chosc chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoirí (IO L 141, 5.6.2015, lgh. 73-117).

## 3. Cur chun feidhme

---

### Dáta cur i bhfeidhm

6. Beidh feidhm leis na Treoirínte seo ón 30 Nollaig 2024.

## 4. Leasuithe

---

### (i) Leasú ar theideal na dTreoirlínte

7. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal na dTreoirlínte:

‘Treoirlínte ÚBE/2021/02 maidir le dícheall cúí custaiméirí agus na tosca ba chóir d’institiúidí creidmheasa agus airgeadais a chur san áireamh agus an riosca um sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a bhaineann le caidreamh gnó aonair agus idirbhearta ócáideacha (‘Treoracha maidir le Tosca Riosca ML/TF’) á measúnú acu faoi Threoir (AE) 2015/849’

### (ii) Leasuithe ar ábhar, ar raon feidhme agus ar shainmhínte

8. I mír 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

‘Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna leis na téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2015/849 agus i Rialachán (AE) 2023/1113 agus atá sna Treoirlínte. Ina theannta sin, chun críocha na dTreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:’

9. I mír 12, scriostar pointe (f) agus pointe (m).

### (iii) Leasuithe ar Threoirlíne 1: Measúinthe riosca: príomhphrionsabail do gach gnólacht

10. I dTreoirlíne 1.7, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

‘d) I gcás ina bhfuil táirgí, seirbhísí nó cleachtais ghnó nua á seoladh ag an ngnólacht, nó i gcás ina bhfuil siad á n-athrú go suntasach aige, lena n-áirítear i gcás ina dtugann sé bealach seachadta nua isteach, nó ina nglacann sé teicneolaíocht nuálach mar chuid dá chórais agus dá chreat rialaithe AML/CFT, ba chóir dó measúnú a dhéanamh ar neamhchosaint riosca ML/TF sula seolfar na táirgí, na seirbhísí nó na cleachtais ghnó sin. I gcás ina mbíonn tionchar suntasach ag na táirgí, na seirbhísí nó na cleachtais ghnó sin ar neamhchosaint riosca ML/TF an ghnólachta, ba chóir don ghnólacht an measúnú sin a léiriú ina mheasúnú riosca uile-ghnó a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Threoir (AE) 2015/849 agus lena bheartais agus lena nósanna imeachta.’

### (iv) Leasuithe ar Threoirlíne 2: Tosca riosca ML/TF a shainnithint

11. I dTreoirlíne 2.4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe b):

'b) An bhfuil naisc ag an gcustaiméir nó ag an úinéir tairbhiúil le hearnálacha a bhfuil baint acu le riosca ML/TF níos airde, mar shampla gnólachtaí seirbhíse airgid áirithe, soláthraithe seirbhíse criptea-shócmhainní mar a thuairiscítear i dTreoirlínte 9.20 agus 9.21, ceasaíní nó déileálaithe i miotail lómhara?'

## **(v) Leasuithe ar Threoirlíne 4: Bearta CDD atá le cur i bhfeidhm ag gach gnólacht**

12. I dTreoirlíne 4.29, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

'4.29 Chun a n-oibleagáidí faoi Airteagal 13(1) de Threoir (AE) 2015/849 a chomhlíonadh, i gcás ina dtionscnaítear an caidreamh gnó, ina bhfuil sé bunaithe nó ina ndéantar é i gcásanna nach cásanna duine le duine iad, nó ina ndéantar idirbheart ócáideach i gcásanna nach cásanna duine le duine iad, i gcomhréir le Treoirlínte ÚBE (ÚBE/GL/2022/15) maidir le húsáid Réiteach Ionduchtaithe Cianda Custaiméara faoi Airteagal 13(1) de Threoir (AE) 2015/849, ba chóir do ghnólachtaí an méid seo a leanas a dhéanamh.'

13. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Threoirlíne 4.35:

'4.35 I gcás inar gnólacht atá bunaithe i dtír nach Ballstát den AE é an soláthraí seachtrach, ba chóir don ghnólacht a áirithiú go dtuigeann sé na rioscaí dlíthiúla agus na rioscaí oibríochtúla agus na ceanglais maidir le cosaint sonraí a bhaineann leo agus go maolódh sé na rioscaí sin go héifeachtach. Ba chóir don ghnólacht a áirithiú freisin gur féidir leis rochtain a fháil go pras ar shonraí agus ar fhaisnéis ábhartha an chustaiméara nuair is gá, lena n-áirítear i gcás ina bhfoirceannfar comhaontú seachfhoinsithe.'

14. I dTreoirlíne 4.60, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe a):

'a) tá siad difriúil ó na hidirbhearta a mbeadh an gnólacht ag súil leo de ghnáth bunaithe ar a eolas ar an gcustaiméir, ar an ngaolmhaireacht ghnó nó ar an gcatagóir lena mbaineann an custaiméir, bíodh sé ina mhéid nó ina mhinicíocht nó ina chastacht nó comhchosúil, lena n-áirítear nuair a bhíonn idirbhearta níos mó nó níos minice ná mar is gnách nó i gcás idirbheart lena mbaineann méideanna beaga a tharlaíonn níos minice ná mar is gnách, nó i gcás ina bhfuil idirbhearta comhleanúnacha ann nach bhfuil réasúnaíocht eacnamaíoch fhollasach leo, amhail idirbhearta a roinntear chun dul timpeall ar theorainneacha tuairiscithe nó chun idirbhearta neamhghnácha a ailíniú leis an iompraíocht agus na patrúin a bhfuiltear ag súil leo de ghnáth mar a thacaítear le faisnéis arna bailiú le linn an nós imeachta ionduchtaithe agus faireachán leanúnach á dhéanamh ar an gcaidreamh gnó.'

15. I dTreoirlíne 4.61, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe a):

'a) bearta réasúnacha iomchuí a dhéanamh chun cúlra agus cuspóir na n-idirbheart sin a thuiscint, mar shampla trí fhoinsé agus ceann scríbe na gcistí nó na gcriptea-shócmhainní a chinneadh nó trí thuilleadh a fháil amach faoi ghnó an chustaiméara chun an dóchúlacht go ndéanfadh an custaiméir idirbhearta den sórt sin a dhearbhu; agus'

16. I dTreoirlíne 4.74, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe b):

‘b) Cé acu an déanfaidh siad faireachán ar idirbhearta de lámh nó trí úsáid a bhaint as córas uathoibríthe um faireachán ar idirbhearta. Gnólachtaí a phróiseálann líon ard idirbheart nó a phróiseálann idirbhearta ag minicíochtaí arda, ba chóir dóibh smaoineamh ar chóras uathoibríthe um faireachán ar idirbhearta a chur i bhfeidhm;’

17. I dTreoirlíne 4.74, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

‘d) cé acu an gá úsáid a bhaint as arduirlisí anailísíochta, amhail uirlisí anailísíochta mórleabhar dáilte nó blocshlabhra, i bhfianaise an riosca ML/TF a bhaineann le gnó an ghnólachta, agus le hidirbhearta aonair chustaiméirí an ghnólachta.’

### **(vi) Leasuithe ar Threoirlíne 6: Oiliúint**

18. I dTreoirlíne 6.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe c):

‘c) Conas idirbhearta agus gníomhaíochtaí amhrasacha nó neamhghnácha a aithint, agus cineál sonrach a dtáirgí agus a seirbhísí á gcur san áireamh, agus conas dul ar aghaidh sna cásanna sin;’

19. I dTreoirlíne 6.2, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

‘d) Conas córais uathoibríthe a úsáid, lena n-áirítear arduirlisí anailísíochta, chun faireachán a dhéanamh ar idirbhearta agus ar chaidrimh ghnó, agus conas torthaí na gcóras agus na n-uirlisí sin a léirmhíniú.’

### **(vii) Leasuithe ar Threoirlíne 8: Treoirlíne Earnála maidir le caidrimh chomhfhreagracha**

20. I dTreoirlíne 8.6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe d):

‘d) Déanann an freagróir gnó suntasach le hearnálacha a bhfuil baint acu le leibhéal níos airde riosca ML/TF. Mar shampla, déanann an freagróir an méid seo a leanas:

- i. gnó suntasach seoltáin;
- ii. gnó thar ceann seoltóirí airgid nó tithe malairte áirithe;
- iii. gnó thar ceann nó le soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní, seachas CASPanna a rialaítear faoi Rialachán (AE) 2023/1114<sup>3</sup>, atá faoi cheangal ag córas rialála agus maoirseachta AML/CFT nach bhfuil chomh láidir céanna leis an gcóras a bheartaítear i dTreoir (AE) 2015/849 nó nach bhfuil faoi réir aon oibleagáidí AML/CFT;
- iv. gnó suntasach thar ceann CASPanna, dá bhfuil an tsamhail ghnó dírithe ar tháirgí agus seirbhísí a bhfuil tuairisc orthu i dTreoirlíne 21.3(d) a sholáthar;

---

<sup>3</sup> Rialachán (AE) 2023/1114 maidir le margáí i gcriptea-shócmhainní, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937

- v. gnó le neamhchónaitheoirí; nó
- vi. gnó in airgeadra seachas airgeadra na tíre ina bhfuil sé bunaithe.’

21. I dTreoirlíne 8.6, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

‘h) tá an cuntas IBAN a sholáthair CASP freagróra ina bhfaigheann sé cistí in airgeadra oifigiúil<sup>4</sup> ó chustaiméirí in ainm agus faoi úinéireacht cuideachta, nach é cuideachta CASP freagróra é nó ar aon bhealach atá ar eolas a bheith nasctha le CASP freagróra.’

22. I dTreoirlíne 8.8, cuirtear an pointe seo a leanas léi:

‘d) Ní féidir leis an bhfreagróir a fhíorú le leibhéal leordhóthanach cinnteachta nach bhfuil a chustaiméirí lonnaithe i ndlínsí a luaitear i bpointe a) de Threoirlíne 8.8, lena n-áirítear trí fhíorú a dhéanamh ar sheoltaí prótacail idirlín (IP) a chustaiméirí nó trí mhodhanna eile, in imthosca ina n-éilíonn beartais agus nósanna imeachta an fhreagróra é.’

23. I dTreoirlíne 8.17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe a) agus phointe c):

‘a) Bailigh faisnéis leordhóthanach faoi institiúid freagróra chun cineál ghnó an fhreagróra a thuiscint go hiomlán, chun a chinneadh a mhéid a nochtann gnó an fhreagróra an comhfhreagraí do riosca níos airde sciúrtha airgid. Ba chóir go n-áireofaí leis sin bearta a dhéanamh chun cineál bhonn custaiméirí an fhreagróra a thuiscint agus a mheasúnú, más gá, trí cheist a chur ar an bhfreagróir faoina chustaiméirí agus faoin gcineál gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an freagróir tríd an gcuntas comhfhreagrach nó, más ábhartha, faoin gcineál criptea-shócmhainní a dhéanfaidh an CASP freagróra tríd an gcuntas comhfhreagrach.’

‘C) Déan measúnú ar rialuithe AML/CFT na hinstitiúide freagróra. Tugann sé sin le tuiscint gur chóir don chomhfhreagraí measúnú cáilíochtúil a dhéanamh ar chreat rialaithe AML/CFT an fhreagróra, ní hamháin cóip de bheartais agus nósanna imeachta AML an fhreagróra a fháil. Ba chóir go n-áireofaí sa mheasúnú sin na huirlisí faireacháin atá i bhfeidhm chun a áirithiú go bhfuil siad leordhóthanach don chineál gnó a dhéanann an freagróir. Ba chóir an measúnú sin a dhoiciméadú go hiomchuí. I gcomhréir leis an gcur chuige rioscabhunaithe, i gcás ina bhfuil an riosca an-ard agus go háirithe i gcás ina bhfuil líon na n-idirbheart baincéireachta comhfhreagraí substainteach, ba chóir don chomhfhreagraí breithniú a dhéanamh ar chuartheanna ar an láthair agus/nó ar thástáil shamplach chun a bheith sásta go bhfuil beartais agus nósanna imeachta AML an fhreagróra á gcur chun feidhme go héifeachtach.’

## **(viii) Leasuithe ar Threoirlíne 9: Treoirlíne Earnála do bhainc mhiondíola**

---

<sup>4</sup> In Airteagal 3, pointe (8) de Rialachán (AE) 2023/1114 sainmhínítear airgeadra oifigiúil mar airgeadra oifigiúil tíre arna eisiúint ag banc ceannais nó ag údarás airgeadaíochta eile.



24. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Threoirlíne 9.3:

'9.3. Ba chóir do na bainc na fachtóirí riosca agus na bearta seo a leanas a mheas in éineacht leo siúd a leagtar amach i dTeideal I de na Treoirlínte seo. Ba chóir do bhainc a sholáthraíonn seirbhísí bainistithe rachmais tagairt a dhéanamh freisin do Threoirlíne earnála 12, seirbhísí tionscanta íocaíochta, nó ba chóir do sheirbhísí faisnéise cuntais tagairt a dhéanamh freisin do Threoirlíne earnála 18 agus ba chóir dóibh siúd a sholáthraíonn seirbhísí criptea-shócmhainní tagairt a dhéanamh do Threoirlíne earnála 21.'

25. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Threoirlíne 9.16:

'9.16 I gcás ina n-oscloídh custaiméir bainc 'cuntas comhthiomsaithe/ollchuntas' chun cistí nó criptea-shócmhainní ar le cliaint an chustaiméara féin iad a riar, ba chóir don bhanc bearta CDD iomlána a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear caitheamh le cliaint an chustaiméara mar úinéirí tairbhiúla na gcistí arna sealbhú sa chuntas comhthiomsaithe agus a gcéannachtaí a fhíorú.'

26. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Threoirlíne 9.17:

'9.17 I gcás inar chinn banc, bunaithe ar a mheasúnú riosca ML/TF a rinneadh i gcomhréir leis na Treoirlínte seo, go bhfuil leibhéal ard riosca ML/TF a bhaineann leis an gcaidreamh gnó, ba chóir dó na bearta EDD a leagtar amach in Airteagal 18 de Threoir (AE) 2015/849 a chur i bhfeidhm de réir mar is iomchuí.'

27. I dTreoirlíne 9.18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

'9.18. Mar sin féin, a mhéid a cheadaítear leis an reachtaíocht náisiúnta, i gcás, de réir mheasúnú riosca aonair ML/TF an chustaiméara, ina bhfuil an riosca a bhaineann leis an gcaidreamh gnó íseal, féadfaidh banc bearta simplithe díchill chuí (SDD) a chur i bhfeidhm, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:'

28. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal Threoirlínte 9.20 go 9.24:

'Custaiméirí a thairgeann seirbhísí a bhaineann le criptea-shócmhainní'

29. Scriostar Treoirlínte 9.20 go 9.23.

30. Cuirtear isteach na Treoirlínte 9.20 agus 9.21 seo a leanas:

'9.20 Agus tús á chur le caidreamh gnó le custaiméir ar soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní é, seachas CASP a rialaítear faoi Rialachán (AE) 2023/1114<sup>5</sup>, d'fhéadfadh bainc a bheith neamhchosanta ar riosca méadaithe ML/TF. Féadfar an riosca a laghdú i gcásanna ina ndéantar an soláthraí sin a rialáil agus a mhaoirsiú faoi chreat rialála atá cosúil leis an gcreat a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/1114 nó i dTreoir (AE) 2015/849. Ba chóir do bhainc measúnú riosca ML/TF a dhéanamh ar na custaiméirí sin sula mbunóidh siad caidreamh gnó leo. Mar chuid de sin, ba chóir do bhainc breithniú a dhéanamh freisin ar an riosca ML/TF a

---

<sup>5</sup> Rialachán (AE) 2023/1114 maidir le margáí i gcriptea-shócmhainní, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937.

bhaineann leis an gcineál sonracha criptea-shócmhainní a sholáthraíonn na soláthraithe sin nó a ndéanann na soláthraithe sin seirbhísí orthu.’

‘9.21 Chun a áirithiú go maolófar leibhéal an riosca ML/TF a bhaineann le custaiméirí a dtugtar tuairisc orthu i dTreoirlíne 9.20, ba chóir do bhainc, mar chuid dá mbearta CDD, an méid seo a leanas ar a laghad a dhéanamh:

- a) dul i mbun idirphlé leis an gcustaiméir chun cineál an ghnó agus na rioscaí ML/TF a bhfuil sé neamhchosanta orthu a thuiscint;
- b) chomh maith le céannacht úinéirí tairbhiúla an chustaiméara a fhíorú, dícheall cuí a dhéanamh ar an mbainistíocht shinsearach a mhéid atá siad éagsúil, lena n-áirítear aon fhaisnéis dhíobhálach a bhreithniú;
- c) tuiscint a fháil ar a mhéid a chuireann na custaiméirí sin a mbearta CDD féin i bhfeidhm ar a gcliaint, cé acu faoi oibleagáid dhlíthiúil nó ar bhonn deonach;
- d) cinneadh a dhéanamh an bhfuil an custaiméir cláraithe nó ceadúnaithe i mBallstát AE/LEE nó i dtír nach Ballstát den AE í, agus, i gcás tír nach Ballstát den AE í, tuairim a ghlacadh maidir le leordhóthanacht chóras rialála agus maoirseachta AML/CFT na tíre sin nach bhfuil san AE i gcomhréir le Treoirlíne 2.11;
- e) cinneadh a dhéanamh an dtagann na seirbhísí a sholáthraíonn an custaiméir faoi raon feidhme chlárú nó cheadúnas an chustaiméara;
- f) cinneadh a dhéanamh an bhfuil an custaiméir ag soláthar seirbhísí seachas seirbhísí a bhfuil sé cláraithe nó ceadúnaithe mar fhoras creidmheasa nó airgeadais ina leith;
- g) i gcás ina mbaineann gnó an chustaiméara le criptea-shócmhainní a eisiúint chun cistí a thiomsú, amhail Tairiscintí Tosaigh Bonn, ba chóir do na bainc a chinneadh an ndéantar an gnó sin i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla atá ann cheana agus, i gcás inarb infheidhme, an bhfuil sé á rialáil chun críocha AML/CFT de réir caighdeáin a chomhaontaítear go hidirnáisiúnta, amhail caighdeáin arna bhfoilsíú ag an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais.’

## **(ix) Leasuithe ar Threoirlíne 10: Treoirlíne earnála le haghaidh eisitheoirí ríomh-airgid**

31. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Threoirlíne 10.2:

‘10.2. Ba chóir do ghnólachtaí a eisíonn ríomh-airgead na fachtóirí riosca agus na bearta seo a

leanas a chur san áireamh in éineacht leo siúd a leagtar amach i dTeideal I de na treoirlínte seo. Gnólachtaí a bhfuil soláthar gníomhaíochtaí gnó mar sheirbhísí tionscanta íocaíochta agus seirbhísí faisnéise cuntais mar chuid dá n-údarú, ba chóir dóibh tagairt a dhéanamh freisin do threoirlíne earnála 18. D'fhéadfadh Treoirlíne earnála 11 do sheoltóirí airgid a bheith ábhartha sa chomhthéacs sin freisin. Ba chóir do ghnólachtaí a sholáthraíonn seirbhísí criptea-shócmhainní tagairt a dhéanamh freisin do Threoirlíne earnála 21.'

### **(x) Leasuithe ar Threoirlíne 15: Treoirlíne earnála le haghaidh gnólachtaí infheistíochta**

32. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Threoirlíne 15.1:

'15.1. Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(1) de Threoir 2014/65/AE na fachtóirí riosca agus na bearta seo a leanas in éineacht leo siúd a leagtar amach i dTeideal I de na Treoirlínte seo a leanas a chur san áireamh agus seirbhísí nó gníomhaíochtaí infheistíochta á soláthar nó á bhforghníomhú acu mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(2) de Threoir (AE) 2014/65. D'fhéadfadh Treoirlíne Earnála 12 agus Treoirlíne Earnála 21 a bheith ábhartha sa chomhthéacs sin freisin.'

### **(xi) Leasuithe ar Threoirlíne 17 Treoirlíne Earnála le haghaidh ardán sluachistiúcháin rialáilte**

33. I dTreoirlíne 17.4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe i):

'i). Le CSP ceadaítear d'infheisteoirí agus d'úinéirí tionscadail criptea-shócmhainní a úsáid chun a n-idirbhearta íocaíochta a shocrú tríd an ardán sluachistiúcháin, i gcás ina bhféadfadh na haistrithe sin a bheith neamhchosanta ar riosca méadaithe ML/TF mar gheall ar thosca a dtugtar tuairisc orthu i dTreoirlíne 21.3(d).'

34. I dTreoirlíne 17.6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe b):

'b) Aistríonn an t-infheisteoir nó an t-úinéir tionscadail criptea-shócmhainní, i gcás ina bhféadfadh aistriú den sórt sin a bheith neamhchosanta ar riosca méadaithe ML/TF mar gheall ar thosca a dtugtar tuairisc orthu i dTreoirlíne 21.3, pointe (d).'

35. Cuirtear isteach Treoirlíne 21 seo a leanas:

### **(xii) 'Treoirlíne 21: Treoirlíne Earnála le haghaidh soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní (CASPanna)**

21.1. Ba chóir do CASPanna a bheith aireach go bhfuil siad neamhchosanta ar rioscaí ML/TF mar gheall ar ghnéithe sonracha dá samhail ghnó agus ar an teicneolaíocht a úsáidtear mar chuid dá ngnó, rud a ligeann dóibh criptea-shócmhainní a aistriú láithreach ar fud an domhain agus custaiméirí a ionduchtú i ndlínsí éagsúla. Méadaítear an riosca a thuilleadh nuair a dhéanann siad idirbhearta a phróiseáil nó a éascú nó nuair a

thairgeann siad táirgí nó seirbhísí a chuireann leibhéal níos airde anaithnideachta ar fáil.

21.2. Agus seirbhísí criptea-shócmhainní á dtairiscint acu, ba chóir do CASPanna forálacha i dTeideal I a chomhlíonadh chomh maith le forálacha atá sonracha don earnáil a leagtar amach i dTeideal II i gcás ina bhfuil siad sin ábhartha do thairiscint tháirge CASP.

## Fachtóirí riosca

### Fachtóirí riosca táirge, seirbhísí agus idirbhirt

21.3. D'fhéadfadh na tosca seo a leanas a bheith ina gcúis le **riosca a mhéadú**:

- a) cuireann na táirgí nó na seirbhísí a sholáthraíonn CASP leibhéal níos airde anaithnideachta ar fáil;
- b) ceadaíonn an táirge íocaíochtaí ó thríú páirtithe nach bhfuil bainteach leis an táirge ná nach bhfuil sainaitheanta ná fóraithe roimh ré, i gcás nach bhfuil réasúnaíocht eacnamaíoch fhollasach leis na híocaíochtaí sin;
- c) ní chuireann an táirge aon srianta roimh ré ar thoirt fhoriomlán ná ar luach foriomlán na n-idirbheart;
- d) ceadaíonn an táirge idirbhearta idir cuntas an chustaiméara agus na nithe seo a leanas:
  - i. seoltaí féinóstáilte;
  - ii. cuntais chriptea-shócmhainní nó seoltaí mórleabhar dáilte arna mbainistiú ag soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní mar a shainmhínítear i dTreoirlíne 9.20 nó atá faoi réir chóras rialála agus maoirseachta AML/CFT nach bhfuil chomh láidir céanna leis an gcóras atá beartaithe i dTreoir (AE) 2015/849;
  - iii. ardán malartaithe criptea-airgeadra idir piaraí nó cineál eile feidhmchlár criptea-shócmhainní díláraithe nó dáilte, nach bhfuil faoi rialú ná faoi thionchar ag duine dlítheanach nó nádúrtha (dá ngairtear 'maoiniú díláraithe' (DeFi) go minic);
  - iv. ardáin arb é is aidhm dóibh idirbhearta a cheilt agus anaithnideacht amhail ardáin mheasctóra nó timbléir a éascú;
  - v. crua-earraí a úsáidtear chun criptea-shócmhainní a mhalartú ar airgeadraí oifigiúla nó a mhalairt (amhail criptea-ATManna), lena mbaineann úsáid airgid thirim nó airgid leictreonaigh, a thairbhíonn ó dhíolúintí faoi Airteagal 12 de Threoir (AE) 2015/849 nó nach dtagann faoin gcóras rialála agus maoirseachta san AE.
- e) táirgí lena mbaineann cleachtais ghnó nua, lena n-áirítear bealaí seachadta

nua, agus úsáid teicneolaíochtaí i gcás nach féidir le CASP measúnú iontaofa a dhéanamh ar leibhéal an riosca ML/TF i gcomhréir le Treoirlíne 1.7, pointe (d) de dheasca easpa faisnéise;

- f) i gcás ina bhfeidhmíonn an CASP mórdhíola rialú lag ar an tseirbhís neadaithe arna soláthar ag CASP eile;
- g) léiríonn torthaí anailíse a rinneadh le harduirlisí anailísíochta leibhéal méadaithe riosca.

#### 21.4. D'fhéadfadh na fachtóirí seo a leanas a bheith ina gcúis le **riosca a laghdú**:

- a) táirgí a bhfuil feidhmiúlacht laghdaithe acu, amhail toirteanna nó luachanna ísle idirbheart;
- b) ceadaíonn an táirge idirbhearta idir cuntas an chustaiméara agus
  - i. cuntais criptea-shócmhainní nó seoltaí mórleabhar dáilte in ainm an chustaiméara atá i seilbh CASP;
  - ii. cuntas criptea-shócmhainní nó seoladh mórleabhar dáilte in ainm an chustaiméara, atá i seilbh soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní, seachas CASP a rialaítear faoi Rialachán (AE) 2023/1114<sup>6</sup>, a rialaítear lasmuigh den AE faoin gcreat rialála, atá chomh láidir leis an gceann dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2023/1114 agus atá faoi réir chreat rialála agus maoirseachta AML/CTF atá chomh láidir leis an gceann dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2015/849;
  - iii. cuntas bainc in ainm an chustaiméara in institiúid creidmheasa atá faoi réir chreat rialála agus maoirseachta AML/CFT a leagtar amach i dTreoir (AE) 2015/849 nó i gcreat reachtach eile lasmuigh den Aontas atá chomh láidir leis an gceann dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2015/849; nó
- c) tá cineál agus raon feidhme na mbealaí nó na gcóras íocaíochta a úsáideann CASP teoranta do chórais lúbiata nó do chórais atá beartaithe chun micreaíocaíochtaí nó íocaíochtaí rialtais le duine nó duine le rialtas a éascú;
- d) níl an táirge ar fáil ach do ghrúpa teoranta sainmhínithe custaiméirí, amhail fostaithe cuideachta a d'eisigh criptea-shócmhainn;

### Tosca riosca custaiméara

---

<sup>6</sup> Rialachán (AE) 2023/1114 maidir le margáí i gcriptea-shócmhainní, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937

21.5. D'fhéadfadh na tosca seo a leanas a bheith ina gcúis le **riosca a mhéadú**:

a) maidir le **cineál an chustaiméara** go háirithe:

- i. eagraíocht neamhbhrabúsach atá nasctha, ar bhonn foinsí iontaofa agus neamhspleácha, le hantoisceachas, bolscaireacht antoisceach nó comhbhrón agus gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, nó a bhí páirteach i mí-iompar nó i ngníomhaíochtaí coiriúla, lena n-áirítear cásanna a bhaineann le ML/TF nó le héilliú;
- ii. gnóthas, ar banc caoch é, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(17) de Threoir (AE) 2015/849, nó cuideachta chaoch de chineál eile;
- iii. cuideachta, a bunaíodh le déanaí agus a bhfuil líon mór idirbheart á bpróiseáil aici;
- iv. cuideachta atá cláraithe go dlíthiúil agus atá ag próiseáil méideanna móra idirbheart tar éis tréimhse neamhghníomhaíochta ó bunaíodh í;
- v. gnóthas, a bhfuil caidreamh gnó aige le gnóthas nó gnóthais eile laistigh den ghrúpa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(15) de Threoir (AE) 2015/849 a sholáthraíonn táirgí agus seirbhísí a bhaineann le criptea-shócmhainní;
- vi. gnóthas nó duine a úsáideann seoladh IP a bhaineann le hidirlíon dorcha nó bogearraí lenar féidir cumarsáid anaithnid a dhéanamh, lena n-áirítear ríomhphoist chriptithe, seirbhísí ríomhphoist anaithnide nó sealadacha agus VPNanna;
- vii. duine leochaileach, a chiallaíonn duine nach dócha gur gnáthchustaiméir de chuid CASP é nó í, nó duine nach bhfuil mórán eolais ná tuisceana aige nó aici ar chriptea-shócmhainní nó ar an teicneolaíocht ghaolmhar, a d'fhéadfadh torthaí tástála oiriúnachta/eolais a bheith mar fhianaise air nó trí chaidreamh eile leis an gcustaiméir, agus a roghnaíonn, mar sin féin, idirbhearta rialta nó ardluacha a dhéanamh, d'fhéadfadh sé an riosca go bhfuil an custaiméir á úsáid mar mhiúil airgid a mhéadú.

b) maidir le **hiompar an chustaiméara**, cásanna ina ndéanann an custaiméir an méid seo a leanas:

- i. Déanann siad iarracht cuntais chriptea-shócmhainní iomadúla a oscailt leis an CASP gan aon réasúnaíocht eacnamaíoch fhollasach ná cuspóir gnó follasach ann.
- ii. Nó mura bhfuil úinéir tairbhiúil an chustaiméara in ann nó toilteanach an fhaisnéis CDD is gá a sholáthar, arna iarraidh sin don CASP, gan aon chúis dhlísteanach leis, trí:

- a) teagmháil dhíreach le CASP a sheachaint d'aon ghnó, bíodh sin go pearsanta nó go cianda;
  - b) iarracht a dhéanamh úinéir tairbhiúil na gcistí a cheilt trí ghníomhairí nó comhlaigh a úsáid, amhail soláthraithe nó seirbhísí iontaobhais nó seirbhísí corparáideacha, sa chaidreamh gnó nó sna hidirbhearta;
  - c) fanacht go ciúin nó iarracht a dhéanamh CASP a chur amú faoi fhoirse na gcistí nó faoi fhoirse na gcriptea-shócmhainní a úsáidtear chun criptea-shócmhainní a fháil nó faoi chuspóir na n-idirbheart.
- iii. Úsáideann siad seoladh IP nó gléas móibíleach atá nasctha le custaiméirí iomadúla, gan aon chúis eacnamaíoch fhollasach, nó atá ar eolas a bheith nasctha le gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith neamhdhleathach nó le gníomhaíochtaí coiriúla; nó go bhfuil rochtain ar chuntas criptea-shócmhainní an chustaiméara ó sheoltaí IP iomadúla gan aon nasc soiléir leis an gcustaiméir.
- iv. Soláthraíonn siad faisnéis atá neamhréireach, lena n-áirítear nuair atá seoladh IP an chustaiméara neamhréireach le faisnéis eile faoin gcustaiméir, amhail an fhaisnéis is gá a bheith ag gabháil le haistriú i gcomhréir le hAirteagal 14(1) agus 14(2) de Rialachán (AE) 2023/1113, nó gnáthchónaí, clárú nó gníomhaíochtaí gnó an chustaiméara (tráth theacht isteach sa chaidreamh gnó agus tráth an idirbhirt), tá an fhaisnéis faoi fhoinsí cistí nó foirse na gcriptea-shócmhainní neamhréireach le faisnéis eile CDD nó le próifíl fhoriomlán an chustaiméara.
- v. Tá seoladh, suíomh nó seoladh IP á úsáid acu atá nasctha le cuntais chriptea-shócmhainní atá cláraithe d'úsáideoirí éagsúla atá i seilbh CASP aonair nó CASPanna iomadúla.
- vi. Is minic a athraíonn siad a bhfaisnéis phearsanta nó a n-ionstraimí íocaíochta gan chúis fhollasach.
- vii. Is minic a fhaigheann siad nó a aistríonn siad méideanna criptea-shócmhainní den sórt sin ó sheoltaí féinóstáilte, atá díreach faoi bhun na tairisí EUR 1000 a shainítear in Airteagal 14(5) agus Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2023/1113 lena spreagtar fíorú an tairbhí nó an tionscnóra.
- viii. Léiríonn siad gurb é an cuspóir infheistíocht a dhéanamh i dtairiscint tosaigh licíní don phobal nó i gcriptea-shócmhainn nó i dtáirge lena dtairgtear toradh atá ard go díreireach agus atá bunaithe i ndlínse ardriosca nó a bhfuil baint aige le tásca arda a bhaineann le calaois nó nach bhfuil tacaithe ag páipéar bán a cheanglaítear faoi Rialachán

- (AE) 2023/1114 leis<sup>7</sup>.
- ix. Taispeánann siad iompraíocht nó patrúin idirbhirt nach bhfuil ag teacht leis an iompraíocht a bhfuiltear ag súil leo ón gcineál custaiméara nó ón gcatagóir riosca lena mbaineann siad, nó nach bhfuil coinne leo bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir an custaiméir ar fáil don CASP, ag an tús nó ar fud an chaidrimh ghnó. I measc na n-imthosca sin déanann an custaiméir an méid seo a leanas:
- a) méadaíonn siad go suntasach méid nó luach aistrithe criptea-shócmhainní nó comhaistrithe tar éis tréimhse díomhaointis, gan choinne agus gan chúis fhollasach;
  - b) déanann siad idirbhearta le minicíocht agus le líon neamhghnách ard criptea-shócmhainní, atá ar neamhréir le cuspóir agus le cineál an chaidrimh ghnó agus gan cuspóir eacnamaíoch follasach a bheith ann;
  - c) méadaíonn siad an teorainn idirbhirt a mhéid nach bhfuil i gcomhréir le hioncam dearbhaithe an chustaiméara nó sáraíonn siad ar shlí eile an méid gníomhaíochta a bhfuiltear ag súil leis.
- x. Taispeánann siad iompraíocht agus patrúin, atá neamhghnách toisc go mbaineann siad le haistrithe neamhmhínithe chuig seoltaí mórleabhar dáilte nó cuntais criptea-shócmhainní nó uathu i ndlínsí iomadúla gan aon chuspóir gnó nó dlíthiúil follasach leo.
- xi. Agus criptea-shócmhainní á malartú chuig airgeadraí oifigiúla agus a mhalairt, déanann an custaiméir an méid seo a leanas:
- a) úsáideann siad cuntais bhainc nó íocaíochta iomadúla, cártaí creidmheasa iolracha nó cártaí réamhíochta iolracha chun an cuntas criptea-shócmhainní a mhaoiniú;
  - b) úsáideann siad cuntas bainc nó cuntas íocaíochta, nó cárta creidmheasa in ainm duine eile seachas an custaiméir gan naisc fhollasacha a bheith acu leis an duine sin;
  - c) úsáideann siad cuntas bainc nó cuntas íocaíochta atá suite i ndlínse, nach bhfuil i gcomhréir le seoladh nó suíomh áirithe an chustaiméara;
  - d) úsáideann siad soláthraithe iomadúla seirbhísí íocaíochta;
  - e) iarrann siad arís agus arís eile malartú criptea-shócmhainní chuig airgead tirim nó ó airgead tirim nó chuig ríomh-airgead anaithnid nó uaidh;
  - f) úsáideann siad prótacail lena nasctar dhá bhlocshlabhra, chun criptea-shócmhainní a mhalartú go criptea-shócmhainní eile ar líonra eile, amhail Monero, Zcash nó a leithéid;

---

<sup>7</sup> Rialachán (AE) 2023/1114 maidir le margaí i gcriptea-shócmhainní, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937.



- g) úsáideann siad Crypto-ATManna in áiteanna éagsúla chun cistí a aistriú chuig cuntas bainc arís agus arís eile;
  - h) tarraingíonn siad criptea-shócmhainní ó CASP chuig seoladh féinóstáilte díreach tar éis criptea-shócmhainní a thaisceadh nó déanann siad iad a mhalartú le haghaidh criptea-shócmhainní éagsúla in CASP.
- xii. Déanann siad infheistíocht i gcriptea-shócmhainní nó déanann siad iad a mhalartú, atá faighte ar iasacht acu trí ardán piara le piara nó trí ardán iasachta eile nach dtagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1114 ná faoi aon chreat rialála ábhartha eile laistigh den AE nó lasmuigh de agus, go suntasach, ar feidhm dhíláráithe nó dháilte í nach bhfuil aon duine dlítheanach nó nádúrtha ann ag a bhfuil rialú ná tionchar uirthi.
- xiii. Faigheann siad nó seolann siad, go díreach nó go hindíreach, criptea-shócmhainní a bhfuil baint acu leis an idirlíon dorcha nó atá mar thoradh ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha.
- xiv. Déanann siad infheistíocht i gcriptea-shócmhainní nó déanann siad iad a mhalartú, a thairgeann leibhéal níos airde anaithnideachta nó lena bhfaigheann an custaiméir criptea-shócmhainní a bhí faoi réir gníomhaíochtaí feabhsaithe anaithnideachta, go háirithe próisis lena ndéantar an t-idirbheart ar an teicneolaíocht mórleabhar a cheilt nó ina bhfuil saintréithe eile atá cosúil leo siúd a liostaítear i bpointe a) de Threoirlíne 21.5.
- xv. Faigheann siad criptea-shócmhainní arís agus arís eile nó seolann siad criptea-shócmhainní arís agus arís eile ó agus chuig na nithe seo a leanas:
- a) cuntas criptea-shócmhainní trí sholáthraí seirbhísí criptea-shócmhainní idirghabhála, nach dtagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1114 ná faoi aon chreat rialála ábhartha eile laistigh nó lasmuigh den AE; nó atá faoi réir creat rialála agus maoirseachta AML/CTF nach bhfuil chomh láidir leis an gceann dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2015/849;
  - b) seoltaí iomadúla féinóstáilte nó cuntais iomadúla criptea-shócmhainní atá i seilbh na CASPanna céanna nó CASPanna éagsúla gan aon réasúnaíocht eacnamaíoch fhollasach leis;
  - c) cuntas criptea-shócmhainní nuachruthaithe nó neamhghníomhach roimhe sin nó seoladh mórleabhar dáilte atá i seilbh tríú páirtí;
  - d) seoltaí féinóstáilte ar ardáin dhíláráithe, lena mbaineann úsáid meascthoirí, timbléir agus teicneolaíochtaí eile chun príobháideachas a fheabhsú a d'fhéadfadh an stair airgeadais a

bhaineann leis an seoladh mórleabhar dáilte agus foinse na gcistí le haghaidh an idirbhirt a cheilt, rud a bhaineann an bonn de chumas CASP eolas a chur ar a chustaiméirí agus córais agus rialuithe éifeachtacha AML/CTF a chur chun feidhme;

- e) cuntas criptea-shócmhainní go gairid tar éis don CASP é a ionduchtú, agus ansin déantar aistarraingt nó aistriú ó chuntas den sórt sin i dtréimhse ghearr gan aon réasúnaíocht eacnamaíoch fhollasach leis;
  - f) cuntas criptea-shócmhainní atá go minic faoi thairseach shainithe nó, i gcás aistrithe chuig seoladh féinóstáilte, atá faoi bhun na tairsí EUR 1000 mar a shainmhínítear in Airteagal 14(5) agus Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2023/1113;
  - g) cuntas criptea-shócmhainní trí na hidirbhearta a roinnt ina n-idirbhearta iomadúla a sheoltar chuig seoltaí mórleabhar dáilte iomadúla trí theicnící smurfála a úsáid.
- xvi. Is cosúil go mbaineann an custaiméir leas as fabhtanna teicneolaíochta nó teipeanna chun a mbuntáiste féin.
- xvii. Míníonn an custaiméir go bhfuarthas na criptea-shócmhainní a aistríodh chuig CASP trí luaíochtaí mianadóireachta nó stainge, ach nach cosúil go bhfuil na luaíochtaí sin comhréireach leis na criptea-shócmhainní a ghintear trí ghníomhaíochtaí den sórt sin.

21.6. D'fhéadfadh na fachtóirí seo a leanas a bheith ina gcúis le **riosca a laghdú** sna cásanna seo a leanas:

- a) gur chomhlíon an custaiméir na ceanglais faisnéise dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2023/1113 agus mar a shonraítear a thuilleadh i gCuid 4 de Threoirlínte Rialacha Taistil ÚBE<sup>8</sup>, le linn idirbheart i gcriptea-shócmhainní roimhe seo agus gur chuir sé faisnéis ar fáil lenar féidir custaiméir a shainnithint nó lenar féidir é a sheiceáil i gcás dabht nó amhrais;
- b) nár cúis amhrais ná imní iad idirbhearta an chustaiméara roimhe seo i gcriptea-shócmhainní, agus go bhfuil an táirge nó an tseirbhís atá á lorg i gcomhréir le próifíl riosca an chustaiméara;
- c) go n-iarrann an custaiméir malartú chuig airgeadra oifigiúil nó ó airgeadra oifigiúil agus is é foinse nó ceann scríbe na gcistí cuntas bainc an chustaiméara féin le hinstiúid chreidmheasa i ndlínse ar mheas an CASP go bhfuil riosca íseal ag baint leis;

---

<sup>8</sup> Treoirlínte maidir le cosc a chur ar mhí-úsáid cistí agus aistrithe criptea-shócmhainní áirithe chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta faoi Rialachán (AE) 2023/1113, [... cuir isteach anseo uimhir na dTreoirlínte sin a luaithe a ghlacfar iad', faoi láthair faoi chomhairliúchán (ÚBE/CP/2023/35)] ('Na Treoirlínte maidir le Rialacha Taistil')

- d) go n-iarrann an custaiméir malartú agus is é foinse nó ceann scríbe na criptea-shócmhainne cuntas criptea-shócmhainní an chustaiméara féin nó seoladh mórleabhar dáilte, atá á óstáil ag CASP a rialaítear faoi Rialachán (AE) 2023/1114 nó ag soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní, seachas CASP a rialáiltear faoi Rialachán (AE) 2023/1114, a rialáiltear agus a ndéantar maoirseacht air lasmuigh den AE faoin gcreat rialála atá chomh láidir leis an gcreat rialála a bheartaítear i Rialachán (AE) 2023/1114 agus, atá faoi réir cheanglais AML/CFT atá chomh láidir leo siúd a bheartaítear i dTreoir (AE) 2015/849, atá curtha ar liosta geal nó a chineann CASP ar shlí eile é a bheith mar riosca íseal;
- e) go n-iarrann an custaiméir malartú agus go mbaineann foinse nó ceann scríbe na criptea-shócmhainne le híocaíochtaí ar luach íseal le haghaidh earraí agus seirbhísí chuig cuntas criptea-shócmhainní nó ó chuntas criptea-shócmhainní nó chuig seoladh mórleabhar dáilte nó uaidh nach bhfuil aon fhaisnéis dhíobhálach ar fáil ina leith;
- f) go n-aistríonn an custaiméir idir dhá CASP nó idir CASP agus soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní, seachas CASP a rialáiltear faoi Rialachán (AE) 2023/1114, atá faoi réir rialála agus maoirseachta laistigh den AE nó atá faoi réir ar shlí eile chreat rialála atá chomh láidir leis an gcreat a bheartaítear i Rialachán (AE) 2023/1114 agus, atá faoi réir ceanglais AML/CFT atá chomh láidir leo siúd a bheartaítear i dTreoir (AE) 2015/849.

### Tosca riosca tíre nó geografacha

#### 21.7. D'fhéadfadh na tosca seo a leanas a bheith ina gcúis le **riosca a mhéadú**:

- a) Tagann cistí an chustaiméara a mhalartaítear ar chriptea-shócmhainní ó chaidrimh phearsanta nó ghnó a bhaineann le dlínsí a bhfuil riosca ML/TF níos airde ag baint leo.
- b) Tá an cuntas tionscnaimh nó an cuntas criptea-shócmhainní is tairbhí nó an seoladh mórleabhar dáilte nasctha le dlínse a bhfuil baint aici le riosca ML/TF níos airde nó le dlínsí/réigiúin arb eol go gcuireann siad cistiú nó tacaíocht ar fáil do ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta nó i gcás inarb eol go bhfuil grúpaí a dhéanann cionta sceimhlitheoireachta ag feidhmiú, agus le dlínsí atá faoi réir smachtbhannaí airgeadais, trádbhac nó beart a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht, le maoiniú sceimhlitheoireachta nó le hiomadú.
- c) Is cónaitheoir é an custaiméir nó úinéir tairbhiúil an chustaiméara, tá sé bunaithe, oibríonn sé i gcaidreamh pearsanta nó gnó nó tá caidreamh pearsanta nó gnó aige a bhaineann le dlínse a bhfuil riosca méadaithe ML nó TF ag baint léi.

- d) Bunaítear an caidreamh gnó trí CASP nó trí criptea-ATM, atá lonnaithe i réigiún nó i ndlínse a bhfuil baint aige le leibhéal arda an riosca ML/TF.
- e) Tá baint ag an gcustaiméir le hoibríochtaí mianadóireachta criptea-shócmhainní, go díreach nó go hindíreach trí chaidrimh le tríú páirtithe, a dhéantar i ndlínse ardriosca, arna sainaitheint ag an gCoimisiún Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849, nó i ndlínse atá faoi réir ag bearta sriantacha nó smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe.

21.8. An fachtóir a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le **riosca a laghdú**:

- a) i gcás ina dtagann an t-aistriú ó chuntas criptea-shócmhainne nó ina seoltar an t-aistriú chuig cuntas criptea-shócmhainne nó seoladh mórleabhar dáilte arna óstáil ag CASP nó ag soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní seachas CASP a rialáiltear faoi Rialachán (AE) 2023/1114, i ndlínse a bhfuil baint aici le leibhéal ísle an riosca ML/TF.

### Tosca riosca bealaí dáileacháin

21.9. D'fhéadfadh na tosca seo a leanas a bheith ina gcúis le **riosca a mhéadú**:

- a) Bunaítear an caidreamh gnó trí úsáid a bhaint as cianréitigh ionductaithe do chustaiméirí nach bhfuil i gcomhréir le Treoirlínte ÚBE maidir le hIonductú Custaiméirí Cianda<sup>9</sup>.
- b) Níl aon srianta ar an ionstraim chistiúcháin, mar shampla i gcás airgid thirim, seiceanna nó táirgí ríomh-airgid a thairbhíonn den díolúine faoi Airteagal 12 de Threoir (AE) 2015/849.
- c) Bunaítear an caidreamh gnó idir CASP agus an custaiméir trí sholáthraí seirbhísí idirghabhála criptea-shócmhainní a shainmhínítear i dTreoirlíne 9.20 thuas.
- d) Is soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní atá lonnaithe i ndlínse ardriosca a dhéanann custaiméir a shainaithint agus a fhíorú ar bhonn chomhaontú seachfhoinsithe, i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir (AE) 2015/849.
- e) Bealaí dáileacháin nua nó teicneolaíocht nua a úsáidtear chun criptea-shócmhainní a dháileadh, nach ndearnadh tástáil iomlán orthu go fóill nó a bhfuil leibhéal méadaithe riosca ML/TF ag baint leo.

---

<sup>9</sup> Treoirlínte ÚBE maidir le húsáid Réiteach Ionductaithe Custaiméirí Cianda faoi Airteagal 13(1) de Threoir (AE) 2015/849

- f) Bunaítear an caidreamh gnó trí chriptea-ATManna, rud a mhéadaíonn riosca mar gheall ar úsáid airgid thirim.

#### 21.10. An fachtóir a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le **riosca a laghdú**:

- a) I gcás ina mbraitheann CASP ar bhearta CDD arna gcur i bhfeidhm ag tríú páirtí i gcomhréir le hAirteagal 26 de Threoir (AE) 2015/849 agus i gcás ina bhfuil an tríú páirtí sin lonnaithe in AE.

## Bearta

21.11. Ba chóir do CASPanna a áirithiú go gcomhlíonann na córais a úsáideann siad chun rioscaí ML/TF a shainaithint agus chun dul i ngleic leo na critéir a leagtar amach i dTeideal I de na Treoirlínte seo. Go háirithe, mar gheall ar a samhlacha gnó, ba chóir do CASPanna a áirithiú go bhfuil uirlisí faireacháin oiriúnacha agus éifeachtacha i bhfeidhm acu, lena n-áirítear uirlisí faireacháin idirbheart agus arduirlisí anailísíochta. Cinntear méid na n-uirlisí sin de réir chineál agus mhéid ghníomhaíochtaí CASP, lena n-áirítear an cineál criptea-shócmhainní a chuirtear ar fáil le haghaidh trádála nó malartaithe. Ba chóir do CASPanna a áirithiú freisin go bhfaighidh fostaithe ábhartha oiliúint speisialaithe chun tuiscint mhaith a fháil ar chriptea-shócmhainní agus ar rioscaí ML/TF a bhféadfadh siad CASP a nochtadh dóibh.

## Dícheall cuí custaiméirí feabhsaithe

21.12. I gcás ina méadaítear an riosca a bhaineann le caidreamh gnó nó le hidirbheart ócáideach, ní mór do CASPanna bearta feabhsaithe CDD a chur i bhfeidhm de bhun Airteagal 18 de Threoir (AE) 2015/849 agus mar a leagtar amach i dTeideal I de na Treoirlínte seo. Ina theannta sin, ba chóir do CASPanna bearta ábhartha feabhsaithe CDD a áirítear sa liosta thíos a chur i bhfeidhm, de réir mar is gá, ag brath ar neamhchosaint ar riosca an chaidrimh ghnó:

- a) Céannacht an chustaiméara agus an úinéara thairbhiúil a fhíorú ar bhonn níos mó ná foinse iontaofa agus neamhspleách amháin.
- b) Céannacht scairshealbhóirí tromlaigh nach gcomhlíonann an sainmhíniú ar úinéirí tairbhiúla i gcomhréir le hAirteagal 3 de Threoir (AE) 2015/849 nó aon duine nádúrtha a bhfuil údarás acu cuntas criptea-shócmhainne nó seoladh mórleabhar dáilte a oibriú thar ceann an chustaiméara a shainaithint agus a fhíorú, nó treoracha a thabhairt maidir le criptea-shócmhainní nó seirbhísí eile a bhaineann leis na criptea-shócmhainní sin a aistriú nó a mhalartú.
- c) Tuilleadh faisnéise a fháil faoin gcustaiméir agus faoi chineál agus cuspóir an chaidrimh ghnó chun próifíl chustaiméara níos iomláine a chruthú, mar shampla trí chuardaigh foinse oscailte nó meán díobhálach a dhéanamh nó

trí thuarascáil faisnéise tríú páirtí a choimisiúnú. I measc na samplaí den chineál faisnéise a d'fhéadfadh CASPanna a lorg tá:

- i. cineál ghnó nó fostaíochta an chustaiméara;
  - ii. foinse rachmas an chustaiméara agus foinse chistí an chustaiméara a mhalartaítear le haghaidh criptea-shócmhainní chun bheith measartha sásta go bhfuil siad dlisteanach;
  - iii. foinse chriptea-shócmhainní an chustaiméara atá á malartú ar airgeadraí oifigiúla, lena n-áirítear cathain agus cá háit ar ceannaíodh iad;
  - iv. cuspóir an idirbhirt, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, ceann scríbe an aistrithe criptea-shócmhainne;
  - v. faisnéis faoi chomhlachais ar bith a d'fhéadfadh a bheith ag an gcustaiméir le dlínsí eile (ceanncheathrú, saoráidí oibriúcháin, brainsí, etc.) nó daoine aonair arb eol tionchar suntasach a bheith acu ar oibríochtaí an chustaiméara;
  - vi. chun sonraí a iarraidh nó a fháil faoi idirbhearta criptea-shócmhainní an chustaiméara agus, i gcás inar CASP é an custaiméir, a stair thrádála laistigh de chóras CASP.
- d) Fianaise a fháil faoi fhoinsé na gcistí, faoi fhoinsé an rachmais nó faoi fhoinsé na gcriptea-shócmhainní i ndáil leis na hidirbhearta sin a bhfuil riosca níos airde ag baint leo.
- e) Minicíocht an fhaireacháin ar idirbhearta criptea-shócmhainní a mhéadú. Ba chóir faireachán a dhéanamh ar gach idirbheart maidir le hiompraíocht gan choinne, patrúin agus táscairí de ghníomhaíocht amhrasach agus ba chóir a áireamh orthu freisin na páirtithe lena bhfuil an custaiméir ag déanamh idirbheartaíochta.
- f) Faisnéis, sonraí agus doiciméadú atá á gcoinneáil a athbhreithniú níos minice agus, i gcás inar gá, a thabhairt cothrom le dáta níos minice agus, go háirithe, i gcás eachtra thucaide.
- g) I gcás ina bhfuil an riosca a bhaineann leis an gcaidreamh an-ard, ba chóir do CASPanna athbhreithniú níos rialta a dhéanamh ar an gcaidreamh gnó.
- h) Measúnú níos minice nó níos doimhne a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a dhéantar trí chuntais criptea-shócmhainní an chustaiméara trí uirlisí imscrúdaithe criptea-shócmhainní a úsáid.
- i) I gcás ina bhfuil seoltaí mórleabhar dáilte iomadúla nó líonraí blocshlabhra ag custaiméir, ba chóir do CASP na seoltaí sin a nascadh leis an gcustaiméir.

- j) Minicíocht an fhaireacháin ar sheoltaí IP an chustaiméara a mhéadú agus iad a sheiceáil i gcoinne na seoltaí IP a úsáideann custaiméirí eile.
- k) Deimhniú a fháil faoi leibhéal eolais agus tuisceana an chustaiméara ar chriptea-shócmhainní chun leibhéal dearbhaithe a bhaint amach nach n-úsáidtear an custaiméir mar mhiúil airgid.
- l) I gcás nach bhfuil patrún aistarraingtí nó fuascailtí i gcomhréir le próifíl an chustaiméara nó le cineál agus cuspóir an chaidrimh ghnó, ba chóir do CASP bearta breise a chur leis chun a áirithiú gurb é an custaiméir seachas tríú páirtí a iarrann aistarraingt nó fuascailt. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcás custaiméirí ardriosca nó custaiméirí scothaosta nó níos leochailí.
- m) Deimhniú a fháil go bhfuil seoladh féinóstáilte, óna bhfaightear aistriú, faoi rialú nó faoi úinéireacht chustaiméir CASP.

21.13. Ba chóir do CASPanna arduirlisí anailísíochta a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta ar bhonn riosca-íogair, mar fhorlónadh ar na huirlisí caighdeánacha faireacháin idirbheart. Ba chóir do CASPanna arduirlisí anailísíochta a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le hidirbhearta, go háirithe idirbhearta a bhaineann le seoltaí féinóstáilte, toisc go gcuireann sé ar chumas CASP stair na n-idirbheart a rianú agus naisc a d'fhéadfadh a bheith ann le gníomhaíochtaí, daoine nó eintitis coiriúla a shainaithint.

21.14. Maidir le caidrimh ghnó nó idirbhearta lena mbaineann tíortha ardriosca neamh-AE, ba chóir do CASPanna an treoir i dTeideal I de na Treoirínte seo a leanúint.

### **Dícheall cuí custaiméara simplithe**

21.15. I gcásanna ísealriosca, a aicmíodh mar sin mar thoradh ar an measúnú riosca ML/TF a rinne CASP i gcomhréir leis na Treoirínte seo, agus a mhéid a cheadaítear leis an reachtaíocht náisiúnta, féadfaidh CASPanna bearta DDS a chur i bhfeidhm, lena bhféadfaí na nithe seo a leanas a áireamh:

- a) i gcás custaiméirí atá faoi réir chóras reachtúil ceadúnaithe agus rialála san AE nó i dtír nach bhfuil san AE, céannacht a fhíorú bunaithe ar fhianaise go bhfuil an custaiméir faoi réir an chórais sin, mar shampla trí chlár poiblí an rialtóra a chuardach;
- b) faisnéis, sonraí nó doiciméadú CDD a thabhairt cothrom le dáta i gcás eachtraí tucaide sonracha a bheith ann, amhail táirge nua nó táirge a bhfuil riosca níos airde ag baint leis á iarraidh ag an gcustaiméir, nó athruithe ar iompraíocht nó ar phróifíl idirbhirt an chustaiméara a thugann le fios nach

íseal a thuilleadh é an riosca a bhaineann leis an gcaidreamh, agus aon tréimhsí nuashonraithe a leagtar amach sa reachtaíocht náisiúnta á gcomhlíonadh ag an am céanna;

- c) minicíocht an fhaireacháin ar idirbhearta a ísliú i gcás táirgí lena mbaineann idirbhearta athfhillteacha.

### **Taifid a choimeád**

21.16.1 gcás ina bhfuil an fhaisnéis faoi chustaiméirí agus faoi idirbhearta ar fáil ar an mórleabhar dáilte, níor chóir do CASPanna brath ar an mórleabhar dáilte chun taifid a choimeád ach ba chóir dóibh bearta a dhéanamh chun a bhfreagrachtaí maidir le taifid a choimeád a chomhlíonadh i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/849 agus le Treoirlínte 5.1 agus 5.2 thuas. Ba chóir do CASPanna nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena gceadaítear dóibh an seoladh mórleabhar dáilte a chomhcheangal le heochair phríobháideach arna rialú ag duine nádúrtha nó dlítheanach.